Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2024/0068(COD)

24.2.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac
(‘An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna’)
(COM(2024)0132 – C10-0004/2024 – 2024/0068(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Alicia Homs Ginel

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 58

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 63

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac ('An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna')
(COM(2024)0132 – C10-0004/2024 – 2024/0068(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0132),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus Airteagal 153(2)(b) i gcomhar le hAirteagal 153(1)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C10-0004/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an ...[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an ...[2],

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Teideal 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Togra le haghaidh	Togra le haghaidh
TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE	TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le ***gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna*** a chomhrac (‘An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna’)	maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le ***cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna*** (‘An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna’)
(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)	(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris -1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1a) De bhun Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), áirítear ar aidhmeanna an Aontais folláine mhuintir an Aontais a chur chun cinn, eisiamh sóisialta agus idirdhealú a chomhrac, agus oibriú ar son fhorbairt inbhuanaithe na hEorpa a bheidh bunaithe, inter alia, ar fhás eacnamaíoch cothrom agus ar gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar agus a bhfuil sé mar aidhm aige lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta a bhaint amach. De bhun Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá an tAontas le cur san áireamh, inter alia, ceanglais atá nasctha le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn, le cosaint shóisialta leordhóthanach a ráthú, agus leis an gcomhrac i gcoinne an eisiata

shóisialta.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris -1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1b) Le hAirteagal 21 den Chairt, toirmisctear aon idirdhealú, bíodh an t-idirdhealú sin bunaithe ar aon fhoras, mar shampla inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Déantar foráil le hAirteagal 31 den Chairt don cheart atá ag gach oibrí chun dálaí oibre cothroma agus córa lena n-urramaítear a shláinte nó a sláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhínit nó a dínit.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris -1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(-1c) Le Caibidil I agus II de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (an 'Colún'), a fógraíodh in Göteborg an 17 Samhain 2017, bunaítear sraith prionsabal chun bheith mar threoir i dtreo comhdheiseanna, rochtain ar an margadh saothair, agus dálaí oibre cothroma. Cuirtear i bhfios go láidir i bPrionsabal 3 den Cholún go bhfuil ag gach duine, gan**

beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, an ceart chun córa comhionainne agus chun deiseanna comhionanna maidir le, inter alia, fostaíocht agus oideachas. Soláthraítear le Prionsabal 4(b) den Cholún an ceart do dhaoine óga oideachas leanúnach, printíseacht, tréimhse oiliúna nó tairiscint ar phost maith laistigh de cheithre mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó an t-oideachas a fhágáil. Déantar foráil le Prionsabal 5 den Cholún, beag beann ar chineál agus fad an chaidrimh fostaíochta, go bhfuil an ceart ag oibrithe chun cóir chomhionann maidir le dálaí oibre, rochtain ar chosaint shóisialta agus oiliúint, agus go bhfuil cosc ar chaidrimh fostaíochta as a dtagann dálaí oibre neamhbhuana. Déantar foráil le Prionsabal Uimh. 6 den Cholún an ceart atá ag oibrithe chun pá chóir lenar féidir caighdeán sásúil maireachtála a sholáthar.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Is é is aidhm don Ráthaíocht ***treisithe*** don Aos Óg[4] ná a áirithiú go bhfaighidh daoine óga faoi bhun 30 bliain d'aois tairiscint ardchaighdeáin ar fhostaíocht, oideachas leanúnach, printíseacht nó tréimhse oiliúna laistigh de 4 mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó an t-oideachas a fhágáil. ***Is pointe tagartha tábhachtach é Moladh 2014 chun cáilíocht na dtairiscintí tréimhsí oiliúna faoin*** Ráthaíocht ***threisithe*** don Aos Óg ***a***	(3) Is é is aidhm don ***Mholadh ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht –*** An Ráthaíocht don Aos Óg ***a Threisiú*** ná a áirithiú go bhfaighidh daoine óga faoi bhun 30 bliain d'aois tairiscint ardchaighdeáin ar fhostaíocht, oideachas leanúnach, printíseacht nó tréimhse oiliúna laistigh de 4 mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó an t-oideachas a fhágáil. ***Mar sin féin, fuarthas in Athbhreithniú an Choiste Fostaíochta (EMCO) ar an*** Ráthaíocht

thomhas.	don Aos Óg ***[1a] in 2024 difríochtaí suntasacha agus leanúnacha i gcáilíocht agus éifeachtúlacht an tsoláthair seirbhíse.***
_____	_____
	[1a] Athbhreithnithe EMCO ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú
[4] Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus lena n-ionadaítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg 2020/C 372/01 a bhunú (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1).	[4] Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus lena n-ionadaítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg 2020/C 372/01 a bhunú (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1).
	Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá ganntanas saothair ann i go leor gairmeacha agus ar gach leibhéal scileanna. Meastar go rachaidh sin i méid leis an laghdú atá tuartha ar an daonra in aois oibre agus leis an éileamh atá ag méadú ar roinnt gairmeacha atá ábhartha don aistriú glas agus digiteach. Le rannpháirtíocht níos ísle daoine óga sa mhargadh saothair, cuirtear leis na ganntanais sin. D'fhéadfadh tréimhsí oiliúna ardcháilíochta a bheith ina gconair úsáideach uas-scilithe agus/nó athscilithe do dhaoine d'aon aois chun scileanna praiticiúla a fháil sa phost chun dul isteach sa mhargadh saothair nó chun a ngairm a thabhairt i dtreo nua.	***scriosta***
	Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Ar leibhéal an Aontais, soláthraítear creat chun oibrithe a chosaint leis na gníomhartha reachtacha atá ann cheana, lena n-áirítear Treoracha 89/391/CEE[1a], 2002/14/CE[1b], 2003/88/CE[1c], 2008/104/CE[1d], (AE) 2018/957[1e], (AE) 2019/1152[1f], (AE) 2019/1158[1g] agus (AE) 2022/2041[1h] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus le Treoracha 97/81/CE[1i], 1999/70/CE[1j], 2000/78/CE[1k] ón gComhairle.
	[1a] Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).
	[1b] Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo — Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).
	[1c] Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9).
	[1d] Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO L 327,

5.12.2008, lch. 9).

[1e] Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

[1f] Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).

[1g] Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).

[1h] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

[1i] Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir leis an gcreat-chomhaontú maidir le hobair pháirtaimseartha a thug Cónaidhm na nGnóthas Eorpach, SGI Europe agus CEC i gcrích – Iarscríbhinn: Creat-comhaontú maidir le hobair pháirtaimseartha (IO L 14, 20.1.1998, lch. 9).

[1j] Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a thug CEC, Cónaidhm na nGnóthas Eorpach agus SGI Europe i gcrích (IO L 175, 10.7.1999, lch. 43).

[1k] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4b) Is é is aidhm don Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 a áirithiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí, ar bhonn comhionann le daoine eile san Aontas agus níos faide i gcéin. Laistigh den straitéis sin, geallann an Coimisiún Eorpach go n-áiritheoidh sé gur féidir le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh in oiliúint agus scileanna nua a fhoghlaim, mar riachtanas bunúsach le haghaidh fostaíochta agus neamhspleáchais.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4c) In 2022, ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, cuireadh togra chun cinn maidir lena áirithiú go gcloífidh tréimhsí oiliúna agus poist daoine óga le caighdeáin cháilíochta, lena n-áirítear caighdeáin maidir le pá agus cosc a chur ar thréimhsí oiliúna neamhíoctha ar an margadh saothair agus lasmuigh den oideachas foirmiúil.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Le tréimhsí oiliúna, ***cuideofar*** le daoine óga taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fháil, ***a n-infhostaitheacht a fheabhsú, agus*** a n-aistriú ***go dtí an*** fhostaíocht chobhsaí a éascú. Dá réir sin, is conair thábhachtach iad na tréimhsí oiliúna chuig an margadh saothair. ***I gcás fostóirí, tugann tréimhsí oiliúna deiseanna chun daoine óga a mhealladh, a oiliúint agus a choinneáil. Is féidir leo an costas a bhaineann le baill foirne oilte a chuardach agus a earcú a laghdú, nuair a thairgtear gnáthphost d'oiliúnaithe tar éis a dtréimhse oiliúna. Mar sin féin, ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin má bhíonn tréimhsí oiliúna ar ardcháilíocht agus má chuirtear dálaí oibre cuibhiúla ar fáil leo.***	(5) ***Is é is aidhm*** do thréimhsí oiliúna ***cuidiú le*** daoine óga taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fháil, chun a n-aistriú ***ón oideachas go dtí an*** fhostaíocht chobhsaí a éascú ***agus chun rochtain a fháil ar ghairm***. ***Is é cuspóir na tréimhse oiliúna ná tréimhse ghearr oibre ar leibhéal iontrála a chomhcheangal le taithí shuntasach oiliúna***. Dá réir sin, ***féadann*** tréimhsí oiliúna a bheith ina gconair thábhachtach chuig an margadh saothair.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) I gcás fostóirí, tugann tréimhsí oiliúna deiseanna chun daoine óga a mhealladh, a oiliúint agus a choinneáil. Féadann siad an costas a bhaineann le baill foirne oilte a chuardach agus a earcú a laghdú, nuair a thairgtear post cobhsaí d'oiliúnaithe tar éis a dtréimhse oiliúna. Ní féidir é seo a bhaint amach, áfach, ach amháin má rialaítear tréimhsí oiliúna.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá dúshláin ann fós maidir le húsáid mhíchuí tréimhsí oiliúna, lena n-áirítear cásanna ina mbíonn gnáthphoist d'fhostaithe faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna, rud a fhágann go bhfuil a gcearta iomlána faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna á gceilt ar na hoibrithe sin agus go bhfuil an baol ann go sáinneofar iad i ndálaí oibre forbhásacha. Mar gheall ar chaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna, saobhtar an iomaíocht idir cuideachtaí trí fostóirí comhlíontacha a chur faoi mhíbhuntáiste, bíonn dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha agus slándála sóisialta fostóirí agus cuirtear in ionad poist bhuana iad. I gcásanna eile, seans nach gcomhlíonfadh fostóirí 'fíoroiliúnaithe' na ceanglais uile a eascraíonn as dlí an Aontais, as dlí náisiúnta, comhaontuithe comhchoiteanna nó cleachtas náisiúnta, rud a bhainfeadh a gcearta iomlána díobh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) ***Ina theannta sin, is lú seans go ndéanfaidh oiliúnaithe a gcearta a chosaint mar gheall ar a staid***	(7) ***Tá an baol ann go mbeidh cleachtais éagóracha a eascraíonn as*** úsáid na dtréimhsí oiliúna ann mar thoradh

leochaileach sa mhargadh saothair. Tá easpa, castacht nó éagsúlacht na gcreataí rialála le haghaidh tréimhsí oiliúna i mBallstáit éagsúla mar aon le forfheidhmiú neamhleor na reachtaíochta náisiúnta agus an easpa inniúlachta maidir le rialuithe agus iniúchtaí, mar aon le heaspa soiléireachta maidir leis an údarás atá freagrach as rialú agus forfheidhmiú, ***i measc na bpríomhthosca*** as a n-eascraíonn úsáid ***mhíchuí*** na dtréimhsí oiliúna.

ar easpa, castacht nó éagsúlacht na gcreataí rialála le haghaidh tréimhsí oiliúna i mBallstáit éagsúla mar aon le forfheidhmiú neamhleor na reachtaíochta náisiúnta agus an easpa inniúlachta maidir le rialuithe agus iniúchtaí, mar aon le heaspa soiléireachta maidir leis an údarás atá freagrach as rialú agus forfheidhmiú.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Tagann deacrachtaí chun cinn freisin mar gheall ar chatagóiriú leathan agus neamhfhoirmiúil na dtréimhsí oiliúna. Is féidir a thuiscint go n-áirítear le tréimhsí oiliúna tréimhsí oiliúna atá mar chuid de churaclaim oideachais fhoirmiúil; tréimhsí oiliúna a rialaítear faoin dlí náisiúnta agus ar ceanglas sainordaitheach iad a chur i gcrích chun rochtain a fháil ar ghairm shonrach; tréimhsí oiliúna sa mhargadh oscailte; tréimhsí oiliúna i gcomhthéacs beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair. Déantar cineálacha áirithe tréimhsí oiliúna a rialáil nó a rialáil go páirteach i mBallstáit, ach ní rialaítear cineálacha eile.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7b) Gan creataí rialála, tagann costais shocheacnamaíocha chun cinn má cheadaítear tréimhsí oiliúna, go háirithe na tréimhsí oiliúna a athdhéantar, a chur in ionad fostaíochta cobhsaí, go háirithe na poist ar leibhéal iontrála a thairgtear d'oiliúnaithe de ghnáth.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7c) Is féidir le tréimhsí oiliúna neamhíoctha nó ar phá íseal a bheith eisiatach go háirithe do dhaoine óga nach bhfuil na hacmhainní airgeadais acu chun tréimhse oiliúna a chríochnú. Tá an baol ann go ndéanfar idirdhealú díreach nó indíreach mar gheall ar thréimhsí oiliúna neamhíoctha nó ar phá íseal ar bhonn aoise, gnéis, cine, datha, bunús eitneach agus sóisialta, míchumas agus gnéithe eile. Is féidir le hidirdhealú idir oiliúnaithe a bheith mar thoradh ar an ladhráil idir tréimhsí oiliúna neamhíoctha agus tréimhsí oiliúna íoctha mar gheall ar an gcóir dhifriúil.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7d) Cháin Parlaimint na hEorpa arís agus arís eile cleachtas na dtréimhsí oiliúna gan íocaíocht mar chineál dúshaothraithe ar oibrithe óga agus sárú ar a gcearta agus d'iarr sí go mbeadh comhchreat dlíthiúil ann chun luach saothair cóir do thréimhsí oiliúna a áirithiú chun cleachtais dúshaothraithe a sheachaint[1m].
	[1m] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le cumhachtú Óige na hEorpa: fostaíocht agus téarnamh sóisialta i ndiaidh na paindéime (IO C 342, 6.9.2022, lch. 265); Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meitheamh 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le tréimhsí oiliúna ardchaighdeáin san Aontas (2020/2005(INL)).

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ar bhonn na fianaise atá ann, tá sciar mór oiliúnaithe faoi réir dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna i gcomparáid le gnáthfhostaithe, lena n-áirítear dálaí maidir le huaireanta oibre, teidlíochtaí saoire, agus rochtain ar threalamh mar aon le pá.	***scriosta***

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ar leibhéal an Aontais, soláthraítear leis na hionstraimí dlí atá ann cheana creat chun oibrithe a chosaint, lena n-áirítear na treoracha maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha[5] , pá íosta leormhaith[6], am oibre[7] , sláinte agus sábháilteacht ag an obair[8] , comhionannas agus neamh-idirdhealú[9] , cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí[10] , faisnéis agus comhairliúcháin le fostaithe[11] , obair ar théarma socraithe[12] , obair pháirtaimseartha[13] , postú oibrithe[14] agus maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach[15] . Tá feidhm iomlán ag an gcreat dlíthiúil seo maidir le hoiliúnaithe a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh. Cuimsítear freisin le creat dlíthiúil an Aontais moltaí maidir le cáilíocht na dtréimhsí oiliúna[16] agus na bprintíseachtaí[17] agus maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe[18] .	***scriosta***

---

[5] Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).

[6] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

[7] Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9).

[8] Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

[9] I measc nithe eile: Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

[10] Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).

[11] Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo — Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).

[12] Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a thug CEC, Cónaidhm na nGnóthas Eorpach agus SGI Europe i gcrích (IO L 175, 10.7.1999, lch. 43).

[13] Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir leis an gcreat-chomhaontú maidir le hobair pháirtaimseartha a thug Cónaidhm na nGnóthas Eorpach, SGI Europe agus CEC i gcrích — Iarscríbhinn: Creat-comhaontú maidir le hobair pháirtaimseartha (IO L 14, 20.1.1998, lch. 9).

[14] Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

[15] Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).

[16] Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna (IO C 88, 27.3.2014, lch. 1).

[17] Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach le haghaidh Printíseachtaí Ardcháilíochta agus Éifeachtacha (IO C 153, 2.5.2018, lch. 1).

[18] Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (IO C 387, 15.11.2019, lch. 1).

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[19] , cuireadh togra chun cinn maidir lena áirithiú go gcloífidh tréimhsí oiliúna agus poist daoine óga le caighdeáin cháilíochta, lena n-áirítear caighdeáin maidir le pá agus cosc a chur ar thréimhsí oiliúna gan phá ar an margadh saothair agus lasmuigh den oideachas foirmiúil.	***scriosta***

[19] Tuarascáil ar an toradh deiridh — Bealtaine 2022.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) I mí an Mheithimh, ghlac Parlaimint na hEorpa rún de bhun Airteagal 225 CFAE ina raibh moltaí don Choimisiún maidir le tréimhsí oiliúna ardcháilíochta[20]. Ina rún, d'iarr sí ar an gCoimisiún 'Creat Cáilíochta 2014 a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú agus ionstraim reachtach níos láidre a dhéanamh de'. ***Ina theannta sin, d'iarr sí ar an gCoimisiún prionsabail bhreise a chuimsiú i gcreat cáilíochta nuashonraithe le haghaidh tréimhsí oiliúna. Go sonrach, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún 'treoir a mholadh maidir le tréimhsí oiliúna i margadh oscailte an tsaothair, tréimhsí oiliúna i gcomhthéacs beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus tréimhsí oiliúna ar cuid éigeantach den oiliúint ghairmiúil iad, chun íoschaighdeáin cháilíochta a áirithiú, lena n-áirítear rialacha maidir le tréimhse na dtréimhsí oiliúna, rochtain ar chosaint shóisialta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta chomh maith le luach saothair lena n-áirithítear caighdeán maireachtála cuibhiúil chun cleachtais dhúshaothraithe a sheachaint'.***	(11) ***I mí an Mheithimh 2023,*** ghlac Parlaimint na hEorpa rún de bhun Airteagal 225 CFAE ina raibh moltaí don Choimisiún maidir le tréimhsí oiliúna ardcháilíochta[20]. Ina rún, d'iarr sí ar an gCoimisiún 'Creat Cáilíochta 2014 a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú agus ionstraim reachtach níos láidre a dhéanamh de'.

[20] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meitheamh 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le tréimhsí oiliúna ardchaighdeáin san Aontas (2020/2005(INL)).

[20] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meitheamh 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le tréimhsí oiliúna ardchaighdeáin san Aontas (2020/2005(INL)).

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Ina cásdlí, bhunaigh an Chúirt Bhreithiúnais critéir chun stádas oibrí a chinneadh. Ba cheart léiriú na Cúirte Breithiúnais ar na critéir sin a chur san áireamh i gcur chun feidhme na Treorach seo[1n].
	[1n] Breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 3 Iúil 1986, Deborah Lawrie-Blum v Land Baden-Württemberg, C-66/85, ECLI:EU:C:1986:284; 14 Deireadh Fómhair 2010, Union Syndicale Solidaires Isère v Premier ministre agus Eile, C-428/09, ECLI:EU:C:2010:612; 9 Iúil 2015, Ender Balkaya v Kiesel Abbruch- und Recycling Technik GmbH, C-229/14, ECLI:EU:C:2015:455; 4 Nollaig 2014, FNV Kunsten Informatie en Media v Staat der Nederlanden, C-413/13, ECLI:EU:C:2014:2411; agus 17 Samhain 2016, Betriebsrat der Ruhrlandklinik gGmbH v Ruhrlandklinik gGmbH, C-216/15, ECLI:EU:C:2016:883.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14b) Is gnéithe bunriachtanacha den sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais iad treoir, seirbhís phearsanta agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí atá fíor agus fírinneach, lena n-eisiatar gníomhaíochtaí ar scála chomh beag sin go bhféadfaí iad a mheas mar ghníomhaíochtaí imeallacha agus coimhdeacha amháin[1o].
	[1o] Breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 3 Iúil 1986, Deborah Lawrie-Blum v Land Baden-Württemberg; Cás C-228/07 Jörn Petersen v Landesgeschäftsstelle des Arbeitsmarktservice Niederösterreich [2008] ECR I-06989 para 45.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14c) Chinn an Chúirt Bhreithiúnais arís agus arís eile go leathnaítear coincheap an 'oibrí', de réir bhrí Airteagal 45 CFAE, go dtí duine a bhfuil tréimhse oiliúna ar bun aige[1a]. Chuir cásdlí na Cúirte Breithiúnais an nasc fostaíochta i bhfeidhm ar na ceithre phríomhchineál thréimhse oiliúna: iad siúd atá ar an margadh oscailte[1b], éigeantach do ghairm[1c], a bhaineann le beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair[1d] agus mar chuid de cháilíocht acadúil nó ghairmiúil[1e].
	[1a] Cás C-485/20 XXXX v HR Rail SA

[2022] ECLI:EU:C:2022:85, para 31.

[1b] Cás C-485/20 XXXX v HR Rail SA [2022] ECLI:EU:C:2022:85;

[1c] Cás C-66/85, Deborah Lawrie-Blum v Land Baden-Württemberg [1986] ECR I-02121; Cás C-109/04 Karl Robert Kranemann v Land Nordrhein-Westfalen [2005] ECR I-02421.

[1d] Cás C-229/14, Ender Balkaya v Kiesel Abbruch- und Recycling Technik GmbH [2015] ECLI:EU:C:2015:455

[1e] Cás C-344/20 LF v SCRL [2022] ECLI:EU:C:2022:77.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) I bhfianaise na ***ndúshlán leanúnach maidir le húsáid mhíchuí*** tréimhsí oiliúna san Aontas, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ***chun gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac*** agus chun a áirithiú go ndéanfar dlí ábhartha an Aontais agus an dlí ábhartha náisiúnta is infheidhme maidir le ***hoibrithe*** a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán ***i ndáil le hoiliúnaithe***. ***Leis an Treoir seo, tugtar aghaidh ar na dúshláin sin trí ioscheanglais a leagan síos chun dálaí oibre oiliúnaithe san Aontas a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus chun caidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac, trí chreat comhchoiteann prionsabal agus beart a bhunú is gá chun cóir chomhionann a áirithiú agus chun dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le hoibrithe a chur***	(15) I bhfianaise na ***gcleachtas éagórach leanúnach a eascraíonn as*** úsáid na dtréimhsí oiliúna san Aontas, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun a áirithiú go ndéanfar dlí ábhartha an Aontais agus an dlí ábhartha náisiúnta is infheidhme maidir le ***hoiliúnaithe*** a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán.

chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) ***Ba cheart feidhm a bheith ag*** an Treoir seo ***maidir le hoiliúnaithe san Aontas a bhfuil conradh*** fostaíochta ***nó caidreamh*** fostaíochta ***acu mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas, ar conradh é atá i bhfeidhm sna Ballstáit, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh. Ina cásdlí, tá critéir bunaithe ag an gCúirt Bhreithiúnais chun stádas oibrí a chinneadh, critéir a bheidh bunaithe ar anailís cás ar chás.***	(16) ***Leagtar síos leis*** an Treoir seo ***sainmhíniú coiteann ar thréimhsí oiliúna agus creat coiteann chun cosc a chur ar chleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna chun críocha nach mbaineann leis an aistriú ón oideachas go dtí an*** fhostaíocht ***chobhsaí a éascú nó le rochtain a fháil ar ghairm. Dá bhrí sin, leis an Treoir seo, rialaítear dálaí oibre na hoibre*** ar ***leibhéal iontrála a thugann oiliúnaithe faoi le linn na tréimhse oiliúna.***

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) Sainítear leis an Treoir seo tréimhsí oiliúna mar thréimhse theoranta oibre ar leibhéal iontrála a bhfuil sé d'aidhm aici scileanna praiticiúla agus gairmiúla a sholáthar trí oiliúint shuntasach chun an t-aistriú go dtí an fhostaíocht chobhsaí a éascú nó chun rochtain a fháil ar ghairm, bunaithe ar chonradh scríofa idir an t-oiliúnaí agus an soláthraí tréimhsí oiliúna, a íoctar i

gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2041.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 16 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16b) Ar cheann de na dúshláin a bhaineann le rialáil na dtréimhsí oiliúna, tá an easpa soiléireachta maidir le coincheap agus cuspóir na tréimhse oiliúna faoi dhlí an Aontais. Tugann an Treoir seo aghaidh ar an dúshlán sin trí shainmhíniú coiteann a sholáthar ar choincheap agus ar chuspóir na tréimhse oiliúna.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 16 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16c) Áirithítear leis an Treoir seo go bhfuil feidhm ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe de bhun Airteagal 21 den Chairt chomh maith le Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], Treoir 2000/43/CE[1b] ón gComhairle agus Treoir 2000/78/CE maidir le tréimhsí oiliúna, maidir le rochtain ar thréimhsí oiliúna agus maidir leis na dálaí oibre, lena n-áirítear íocaíocht. Tugann sé seo aghaidh ar imní maidir le himpleachtaí idirdhealaitheacha na dtréimhsí oiliúna agus cuireann sé cuimsitheacht na dtréimhsí oiliúna chun cinn.

[1a] Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

[1b] Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180, 19.7.2000, lch. 22).

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 16 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16d) Ba cheart do na Ballstáit rochtain mhéadaithe ar thréimhsí oiliúna a chur chun cinn freisin d'oiliúnaithe ó chúlraí leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, trína áirithiú go ndéantar ionaid oibre a oiriúnú le bheith inrochtana d'oiliúnaithe faoi mhíchumas.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Tá éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile maidir le cláir foghlama	***scriosta***

obairbhunaithe a thagann faoin sainmhíniú ar thréimhse oiliúna. Dá bhrí sin, féadfaidh printíseachtaí teacht faoi raon feidhme na Treorach seo, a mhéid a thagann printísigh faoin gcoincheap 'oibrí' mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sna cleachtais atá i bhfeidhm sna Ballstáit, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) ***Tá feidhm ag Caibidil III den*** Treoir ***maidir le gnáthfhostaithe atá aicmithe go bréagach mar oiliúnaithe, i.e. nuair a aicmíonn fostóirí gnáthchaidreamh fostaíochta mar thréimhse oiliúna nach caidreamh*** fostaíochta ***é, nó mar thréimhse oiliúna nach ionann é agus caidreamh fostaíochta, ach leibhéal pá*** níos ísle nó dálaí oibre ***eile a bheith ag gabháil leo ná mar a bheadh gnáthfhostaithe*** i dteideal a fháil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, faoi chomhaontuithe comhchoiteanna nó faoi chleachtas.	(18) ***Ceanglaítear leis*** an Treoir seo ***ar na Ballstáit bearta éifeachtacha a thabhairt isteach chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna chun críocha eile seachas an t-aistriú ó oideachas go*** fostaíocht ***chobhsaí a éascú, lena n-áirítear leibhéil*** níos ísle ***cosanta a dheonú, lena n-áirítear*** dálaí oibre ***agus pá, ná mar a bheadh an t-oiliúnaí lena mbaineann*** i dteideal a fháil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, faoi chomhaontuithe comhchoiteanna nó faoi chleachtais chomhchoiteanna.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Is féidir idirdhealú a dhéanamh	***scriosta***

idir tréimhsí oiliúna ar caidrimh fostaíochta iad agus 'gnáthchaidrimh' fostaíochta sa mhéid is go bhfuil teorainn ama leo, go gcuimsítear leo comhpháirt mhór foghlama agus oiliúna agus go dtugtar fúthu chun taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fháil d'fhonn infhostaitheacht a fheabhsú agus an t-aistriú go dtí an fhostaíocht a éascú nó chun rochtain a fháil ar ghairm.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Tá prionsabal an neamh-idirdhealaithe oiriúnach chun mí-úsáid tréimhsí oiliúna a chomhrac, amhail dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna nó pá níos ísle a thabhairt d'oiliúnaithe i gcomparáid le gnáthfhostaithe gan údar iomchuí, agus chun inbhuanaitheacht na dtréimhsí oiliúna a áirithiú mar chonair i dtreo deiseanna fostaíochta cobhsaí. Is féidir leis freisin cuidiú le tréimhsí oiliúna a dhéanamh níos inrochtana do ghrúpaí oibrithe atá i staid leochaileach.	***scriosta***

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Is gá, dá bhrí sin, prionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagan síos	***scriosta***

d'oiliúnaithe ar cheart feidhm a bheith aige sa bhreis ar Chlásal 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a thug CEC, Cónaidhm na nGnóthas Eorpach agus SGI Europe i gcrích, lena bhforáiltear, i leith coinníollacha fostaíochta, nach gcaithfear le hoibrithe ar théarma socraithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe buana inchomparáide toisc conradh ar théarma socraithe nó caidreamh ar théarma socraithe a bheith acu mura bhfuil údar le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla. Is 'oibrithe ar théarma socraithe' de réir bhrí na Treorach sin na hoiliúnaithe a bhfuil caidreamh fostaíochta acu. Mar sin féin, leis an gclásal atá ann maidir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, ní cheadaítear comparáid a dhéanamh le hoibrithe eile ar théarma socraithe. Thairis sin, le Clásal 2 (2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin, ceadaítear do na Ballstáit cineálacha áirithe oibrithe a eisiamh óna raon feidhme, lena n-áirítear caidrimh ghairmoiliúna tosaigh agus scéimeanna printíseachta nó conarthaí fostaíochta agus caidrimh fostaíochta a tugadh i gcrích faoi chuimsiú clár oiliúna, clár imeasctha agus clár athoiliúna gairme poiblí sonrach nó a fhaigheann tacaíocht phoiblí. Ina theannta sin, ní aithnítear ann an staid thar a bheith leochaileach ina bhfuil oiliúnaithe. Dá bhrí sin, is gá a ráthú go mbeidh feidhm ag prionsabal na córa comhionainne le gnáthfhostaithe inchomparáide maidir le gach oiliúnaí a bhfuil caidreamh fostaíochta acu.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i leith dálaí oibre lena n-áirítear pá, nach gcaitear le hoiliúnaithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le gnáthfhostaithe inchomparáide sa bhunaíocht chéanna, mura rud é go bhfuil údar le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla. Ní féidir gurb ionann a bheith i d'oiliúnaí agus foras le haghaidh cóir nach bhfuil chomh fabhrach céanna i gcomparáid le gnáthfhostaithe sa bhunaíocht chéanna. An tráth céanna, d'fhéadfadh cúraimí éagsúla, freagrachtaí níos ísle nó déine oibre i ndáil le gnáthfhostaithe inchomparáide a bheith ina bhforas oibiachtúil le haghaidh cóir éagsúil, i gcás inarb ábhartha, maidir leis an gcoinníoll fostaíochta atá i gceist. Ba cheart méid na córa éagsúla, áfach, a bheith comhréireach leis na forais sin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Chun prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm, ní mór gnáthfhostaí inchomparáide atá ag gabháil d'obair nó do ghairm den chineál céanna nó de chineál comhchosúil leis an oiliúnaí a shainaithint, agus aird chuí á tabhairt ar cháilíochtaí agus ar scileanna.	***scriosta***

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Ba cheart bearta iomchuí a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac arb é is éifeacht dóibh leibhéil níos ísle cosanta a dheonú, lena n-áirítear dálaí oibre agus pá, ná mar a bheadh an t-oibrí lena mbaineann i dteideal a fháil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, faoi chomhaontuithe comhchoiteanna nó faoi chleachtas.	***scriosta***

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Is gá rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla a áirithiú toisc go bhfuil siad fíor-riachtanach chun cearta oiliúnaithe a chosaint agus chun ***gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht*** tréimhsí oiliúna a chomhrac. Ba cheart go ndíreofaí orthu chun ionadú ***gnáth***fhostaíochta trí thréimhsí oiliúna ***faoi bhréagriocht*** a sheachaint agus chun cearta ***oibrithe*** a chosaint.	(25) Is gá rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla a áirithiú toisc go bhfuil siad fíor-riachtanach chun cearta oiliúnaithe a chosaint agus chun ***cleachtais éagóracha a eascraíonn as*** tréimhsí oiliúna a chomhrac. Ba cheart go ndíreofaí orthu chun ionadú fostaíochta ***cobhsaí*** trí thréimhsí oiliúna ***a athdhéantar*** a sheachaint agus chun cearta ***na n-oiliúnaithe*** a chosaint.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) ***Ba cheart an measúnú chun a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnáthchaidreamh fostaíochta faoi bhréagriocht tréimhse oiliúna a bheith bunaithe ar na himthosca fíorasacha agus ní ar ainmniú foirmiúil an chaidrimh chonarthaigh.*** Chun ***a chinneadh an bhfuil gnáthchaidreamh fostaíochta faoi bhréagriocht tréimhse oiliúna***, ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú foriomlán a dhéanamh ar na fíorais ábhartha uile. Chun an measúnú a éascú d'údaráis inniúla, ba cheart ***príomh***ghnéithe ***a leagan amach lena bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir gnáthchaidreamh fostaíochta agus tréimhse oiliúna faoi bhréagriocht***. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na gnéithe sin ar bhonn cás ar chás, agus aird chuí á tabhairt ar imthosca gach cáis shonraigh. ***Dá bhrí sin, tá na gnéithe dá dtagraítear táscach agus neamh-uileghabhálach agus ní gá tairseach shonrach a chomhlíonadh.***	(26) Chun ***cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna a shainaithint***, ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú foriomlán a dhéanamh ar na fíorais ábhartha uile. Chun an measúnú le haghaidh údaráis inniúla a éascú, ***leagtar amach sa Treoir seo*** gnéithe ***fíorasacha agus imthoisceacha éagsúla*** ar cheart dóibh a bheith ***ábhartha chun cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna a shainaithint***. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na gnéithe sin ar bhonn cás ar chás, agus aird chuí á tabhairt ar imthosca gach cáis shonraigh.

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Tá seans ann, i gcás ina n-éilítear taithí oibre roimhe sin le haghaidh tréimhse oiliúna sa réimse céanna gníomhaíochta nó i réimse comhchosúil gníomhaíochta, nach léireofaí gnáthchaidreamh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhse oiliúna má	***scriosta***

sholáthraíonn an fostóir bonn cirt amhail tréimhse choibhéiseach taithí oibre roimhe sin a bheith ina rogha ar chéim a bheith ag duine i réimse gníomhaíochta nó saineolais áirithe.

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Nuair a dhéanann na húdaráis inniúla a n-anailís ar na fíorais ábhartha chun a chinneadh cé acu an ann nó nach ann do ***ghnáthchaidreamh fostaíochta faoi bhréagriocht tréimhse oiliúna***, d'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain éasca acu i gcónaí ar an bhfaisnéis is gá chun an anailís sin a dhéanamh. Chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil a gcúraimí a dhéanamh, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar fhostóirí an fhaisnéis is gá atá faoina rialú a sholáthar dóibh ***arna iarraidh sin do*** na húdaráis inniúla***.***	(28) Nuair a dhéanann na húdaráis inniúla a n-anailís ar na fíorais ábhartha chun a chinneadh cé acu an ann nó nach ann do ***chleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna***, d'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain éasca acu i gcónaí ar an bhfaisnéis is gá chun an anailís sin a dhéanamh. Chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil a gcúraimí a dhéanamh, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar fhostóirí an fhaisnéis is gá atá faoina rialú a sholáthar ***do*** na húdaráis inniúla.

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ba cheart bearta iomchuí a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun ***measúnú a éascú lena chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tréimhse oiliúna airbheartaithe ina tréimhse oiliúna dáiríre***. Ba cheart go gcuimseofaí leis sin teorainn ama lena léirítear fad iomarcach	(29) Ba cheart bearta iomchuí a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun ***éascú a dhéanamh ar chleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna a shainaithint***. Ba cheart go gcuimseofaí leis sin teorainn ama lena léirítear fad iomarcach tréimhse oiliúna agus tréimhsí

tréimhse oiliúna agus tréimhsí oiliúna a athdhéantar, lena n-áirítear tréimhsí oiliúna a dhéantar ceann i ndiaidh a chéile, leis an bhfostóir céanna. I bprionsabal, níor cheart d'uasfhad réasúnta tréimhsí oiliúna a bheith níos faide ná 6 mhí, mar a leagtar síos i Moladh 2014. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gur féidir údar a bheith le tréimhse níos faide má tá sé bunaithe ar fhorais oibiachtúla. D'fhéadfadh tréimhsí oiliúna ar ceanglas sainordaitheach é iad a chur i gcrích chun rochtain a fháil ar ghairm shonrach, i gcás ina bhfuil gá le taithí níos faide ar thréimhsí oiliúna mar gheall ar an gconair chun an t-eolas, na hinniúlachtaí agus an taithí is gá a fháil a bheith ina samplaí d'eisceachtaí den sórt sin. I gcás tréimhsí oiliúna áirithe atá mar chuid de bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bhfuil sé d'aidhm acu daoine atá i staid leochaileach a imeascadh, d'fhéadfaí tairbhiú do thréimhse níos faide freisin. D'fhéadfadh tréimhse níos faide a bheith i gceist le roinnt tréimhsí oiliúna atá mar chuid de churaclaim oideachais fhoirmiúil nó gairmoideachais agus gairmoiliúna ar chúiseanna a bhaineann leis na curaclaim.

oiliúna a athdhéantar, lena n-áirítear tréimhsí oiliúna a dhéantar ceann i ndiaidh a chéile, leis an bhfostóir céanna. I bprionsabal, níor cheart d'uasfhad réasúnta tréimhsí oiliúna a bheith níos faide ná 6 mhí, mar a leagtar síos i Moladh 2014. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gur féidir údar a bheith le tréimhse níos faide má tá sé bunaithe ar fhorais oibiachtúla ***a chuireann aidhmeanna na tréimhse oiliúna chun cinn***. D'fhéadfadh tréimhsí oiliúna ar ceanglas sainordaitheach é iad a chur i gcrích chun rochtain a fháil ar ghairm shonrach, i gcás ina bhfuil gá le taithí níos faide ar thréimhsí oiliúna mar gheall ar an gconair chun an t-eolas, na hinniúlachtaí agus an taithí is gá a fháil a bheith ina samplaí d'eisceachtaí den sórt sin. I gcás tréimhsí oiliúna áirithe atá mar chuid de bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bhfuil sé d'aidhm acu daoine atá i staid leochaileach a imeascadh, d'fhéadfaí tairbhiú do thréimhse níos faide freisin. D'fhéadfadh tréimhse níos faide a bheith i gceist le roinnt tréimhsí oiliúna atá mar chuid de churaclaim oideachais fhoirmiúil nó gairmoideachais agus gairmoiliúna ar chúiseanna a bhaineann leis na curaclaim.

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) D'fhéadfaí an oibleagáid atá ar fhostóirí faisnéis a chuimsiú maidir leis na cúraimí a bhfuiltear ag súil leo, na dálaí oibre, lena n-áirítear pá, cosaint shóisialta, gnéithe ***foghlama*** agus oiliúna ***sna*** fógraí folúntais agus sna fógráin ***le haghaidh tréimhsí oiliúna*** a chomhlíonadh trí nasc	(30) D'fhéadfaí an oibleagáid atá ar fhostóirí faisnéis a chuimsiú maidir leis na cúraimí a bhfuiltear ag súil leo, na dálaí oibre, lena n-áirítear pá, cosaint shóisialta, agus gnéithe oiliúna***, chomh maith leis na féidearthachtaí earcaíochta tar éis an tréimhse oiliúna a chur i gcrích sna*** fógraí

chuig suíomh gréasáin ar a bhfuil an fhaisnéis sin ***a áireamh***.	folúntais agus sna fógráin a chomhlíonadh trí nasc a ***sholáthar*** chuig suíomh gréasáin ar a bhfuil an fhaisnéis sin.
	Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Sa bhreis ar an Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit cur chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán na gceart a chumhdaítear in acquis an Aontais is infheidhme maidir le hoiliúnaithe a bhfuil caidreamh fostaíochta acu a áirithiú.	***scriosta***
	Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Forbraíodh córas forleathan forálacha forfheidhmiúcháin le haghaidh an acquis sóisialta san Aontas in ionstraimí dlí a rinneadh le déanaí, amhail Treoir (AE) 2019/1152 agus Treoir (AE) 2023/970***[21]***. Ba cheart forálacha den sórt sin a chuimsiú sa Treoir seo chun cuidiú le forfheidhmiú agus cosaint éifeachtach chearta na n-oiliúnaithe a eascraíonn as an Treoir seo agus as dlí eile de chuid an Aontais ***is infheidhme maidir le hoibrithe*** a áirithiú.	(32) Forbraíodh córas forleathan forálacha forfheidhmiúcháin le haghaidh an acquis sóisialta san Aontas in ionstraimí dlí a rinneadh le déanaí, amhail Treoir (AE) 2019/1152 agus Treoir (AE) 2023/970. Ba cheart forálacha den sórt sin a chuimsiú sa Treoir seo chun cuidiú le forfheidhmiú agus cosaint éifeachtach chearta ***na*** n-oiliúnaithe a eascraíonn as an Treoir seo agus as dlí eile de chuid an Aontais a áirithiú***.***
[21] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10	[21] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10

Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe**,** IO L 132, 17.5.2023, lch. 21.	Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe, ***(***IO L 132, 17.5.2023, lch. 21***)***.
	Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Ba cheart rochtain a bheith ag oiliúnaithe ar réiteach díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus ar cheart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith. Ba cheart oiliúnaithe a chur ar an eolas faoi na sásraí sásaimh chun a gceart chun sásaimh a fheidhmiú. Ag féachaint do chineál bunúsach an chirt chun cosaint dlí éifeachtach a fháil, ba cheart go leanfadh oiliúnaithe de chosaint den sórt sin a bheith acu fiú tar éis dheireadh na tréimhse oiliúna as a n-eascraíonn sárú líomhnaithe ar chearta faoin Treoir seo agus faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais is ***infheidhme maidir le hoibrithe***.	(33) Ba cheart rochtain a bheith ag oiliúnaithe ar réiteach díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus ar cheart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith. Ba cheart oiliúnaithe a chur ar an eolas faoi na sásraí sásaimh chun a gceart chun sásaimh a fheidhmiú. Ag féachaint do chineál bunúsach an chirt chun cosaint dlí éifeachtach a fháil, ba cheart go leanfadh oiliúnaithe de chosaint den sórt sin a bheith acu fiú tar éis dheireadh na tréimhse oiliúna as a n-eascraíonn sárú líomhnaithe ar chearta faoin Treoir seo agus faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais.
	Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Chun leibhéal cosanta níos éifeachtaí a sholáthar d'oiliúnaithe, ba cheart d'ionadaithe ***oibrithe*** a bheith in ann	(34) Chun leibhéal cosanta níos éifeachtaí a sholáthar d'oiliúnaithe, ba cheart d'ionadaithe ***oibrithe*** a bheith in ann

dul i mbun imeachtaí chun aon cheann de na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo nó as dlí eile de chuid an Aontais ***is infheidhme maidir le hoibrithe*** a chosaint thar ceann oiliúnaí amháin nó níos mó ná oiliúnaí amháin nó chun tacú leo.	dul i mbun imeachtaí chun aon cheann de na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo nó as dlí eile de chuid an Aontais a chosaint thar ceann oiliúnaí amháin nó níos mó ná oiliúnaí amháin nó chun tacú leo.
	Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Ba cheart cosaint bhreithiúnach agus riaracháin leormhaith a sholáthar d'oiliúnaithe ar aon chóir dhíobhálach ***agus*** ar aon iarmhairt dhíobhálach mar fhreagairt ar aon ghearán a chuirtear faoi bhráid an ***fhostóra*** nó mar thoradh ar aon imeacht a thionscnaítear chun comhlíonadh na gceart dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i ndlí eile de chuid an Aontais ***is infheidhme maidir le hoibrithe*** a fhorfheidhmiú. Go háirithe, ba cheart oiliúnaithe a chosaint ar dhífhostú nó ar a choibhéis agus ar gach ullmhúchán chun oibrithe a dhífhostú nó ar a choibhéis chun na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i ndlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe a fheidhmiú.	(35) Ba cheart cosaint bhreithiúnach agus riaracháin leormhaith a sholáthar d'oiliúnaithe ar aon chóir dhíobhálach ***nó*** ar aon iarmhairt dhíobhálach mar fhreagairt ar aon ghearán a chuirtear faoi bhráid ***an tsoláthraí tréimhsí oiliúna*** nó mar thoradh ar aon imeacht a thionscnaítear chun comhlíonadh na gceart dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i ndlí eile de chuid an Aontais a fhorfheidhmiú. Go háirithe, ba cheart oiliúnaithe a chosaint ar dhífhostú nó ar a choibhéis***, amhail tairiscint fostaíochta amach anseo leis an tsoláthraí tréimhsí oiliúna a choinneáil siar,*** agus ar gach ullmhúchán chun oibrithe a dhífhostú nó ar a choibhéis chun na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i ndlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe a fheidhmiú.
	Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, mar atá, dálaí oibre oiliúnaithe a fhorfheidhmiú agus ***gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht*** tréimhsí oiliúna a chomhrac, a ghnóthú go leormhaith agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.	(38) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon ***sainmhíniú coiteann a sholáthar ar thréimhsí oiliúna agus*** dálaí oibre na n-oiliúnaithe a fhorfheidhmiú agus ***cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na*** dtréimhsí oiliúna a chomhrac, a ghnóthú go leormhaith agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 39 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(39a) Tá sé níos tábhachtaí ná riamh ár ndícheall a dhéanamh chun margadh inmheánach a bhfuil cothroime iomaíochta ann gan dumpáil shóisialta agus ina bhfuil urraim do chearta sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach. Tacaíonn an tAontas leis na Ballstáit agus iad ag déanamh a ndíchill cómhargáil agus a saoirse comhaontuithe comhchoiteanna a choimeád, a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú i gcás gur uirlis níos fearr iad chun tionscnaimh reachtacha an Aontais a chur chun feidhme agus a chomhlánú, i bhfianaise na gcleachtas agus na gcreataí náisiúnta. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach aitheantas a thabhairt do thábhacht na

gcomhpháirtithe sóisialta agus dá gceart chun caibidlíocht agus cómhargáil a dhéanamh le chéile.

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an Treoir seo, leagtar síos creat coiteann prionsabal agus beart chun dálaí oibre na n-oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus chun ***gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht*** tréimhse oiliúna ***a chomhrac.***	Leis an Treoir seo, leagtar síos ***sainmhíniú*** coiteann ***ar thréimhsí oiliúna agus leagtar amach*** creat prionsabal agus beart chun dálaí oibre na n-oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus chun ***cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na*** dtréimhsí oiliúna ***a chosc.***

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ciallaíonn ‘tréimhse oiliúna’ tréimhse theoranta ***cleachtais oibre lena gcuimsítear comhpháirt mhór foghlama agus oiliúna, a dhéantar chun taithí*** phraiticiúil agus ghairmiúil ***a fháil*** d’fhonn ***infhostaitheacht a fheabhsú agus*** an t-aistriú ***chuig gnáthchaidreamh*** fostaíochta a éascú nó chun rochtain a fháil ar ghairm;	(a) Ciallaíonn ‘tréimhse oiliúna’ ***(i)*** tréimhse theoranta ***oibre ar leibhéal iontrála a bhfuil sé mar aidhm léi scileanna*** praiticiúla agus gairmiúla ***a sholáthar trí oiliúint shuntasach,*** d’fhonn ***an*** t-aistriú ***ón oideachas go dtí an*** fhostaíocht ***chobhsaí*** a éascú***,*** nó rochtain a

	fháil ar ghairm, ***ar bhonn conartha scríofa idir an t-oiliúnaí agus an soláthraí tréimhsí oiliúna,*** ***a íoctar i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2041;***
	Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ciallaíonn ‘oiliúnaí’ aon duine a thugann faoi thréimhse oiliúna ***ag a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh;***	(b) ciallaíonn ‘oiliúnaí’ aon duine a thugann faoi thréimhse oiliúna***.***
	Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) ciallaíonn ‘soláthraí tréimhsí oiliúna’ gnóthas atá príobháideach, poiblí nó an dá cheann agus a sholáthraíonn tréimhsí oiliúna.
	Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ciallaíonn 'gnáthchaidreamh fostaíochta' aon chaidreamh fostaíochta nach tréimhse oiliúna é;	***scriosta***

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ciallaíonn 'gnáthfhostaí' aon duine atá i ngnáthchaidreamh fostaíochta.	***scriosta***

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit, i leith dálaí oibre lena n-áirítear pá, nach gcaitear le hoiliúnaithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le gnáthfhostaithe inchomparáide sa bhunaíocht chéanna, mura rud é go bhfuil údar le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla, amhail cúraimí éagsúla, freagrachtaí níos ísle, déine oibre nó ualach na comhpháirte foghlama agus oiliúna.	***scriosta***

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le rochtain ar thréimhsí oiliúna agus na dálaí oibre, lena n-áirítear pá, go gcomhlíonfaidh tréimhsí oiliúna prionsabal an neamh-idirdhealaithe, mar a leagtar síos i dTreoir 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2006/54/CE.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh na Ballstáit rochtain mhéadaithe ar thréimhsí oiliúna d'oiliúnaithe ó chúlraí leochaileacha a chur chun cinn, lena n-áirítear oiliúnaithe faoi mhíchumas.

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar áiteanna oibre a oiriúnú ionas go mbeidh siad inrochtana d'oiliúnaithe faoi

mhíchumas.

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás nach bhfuil aon ghnáthfhostaí inchomparáide sa bhunaíocht chéanna, déanfar an chomparáid faoi threoir an chomhaontaithe chomhchoitinn is infheidhme, nó i gcás nach bhfuil aon chomhaontú comhchoiteann is infheidhme ann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.	***scriosta***

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach
Caibidil III – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
III ***Gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht*** tréimhsí oiliúna	III ***Bearta chun cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na*** dtréimhsí oiliúna ***a chomhrac***

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bearta chun ***gnáthchaidrimh fostaíochta***	Bearta chun ***cleachtais éagóracha*** a

atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac	chomhrac

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla chun cleachtais a bhrath agus chun bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh cleachtais ***i gcás ina ndéantar gnáthchaidreamh*** fostaíochta ***a cheilt mar thréimhse oiliúna*** arb é is éifeacht dó leibhéil níos ísle cosanta a dheonú, lena n-áirítear dálaí oibre agus pá, ná mar a bheadh ***an t-oibrí*** lena mbaineann i dteideal a fháil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, faoi chomhaontuithe comhchoiteanna nó faoin gcleachtas.	Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialuithe agus cigireachtaí éifeachtacha arna seoladh ag údaráis inniúla chun bearta forfheidhmithe a bhrath agus a ghlacadh le cleachtais ***éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna chun críocha eile seachas an t-aistriú ón oideachas go dtí an*** fhostaíocht ***chobhsaí a éascú***, lena n-áirítear leibhéil níos ísle cosanta a dheonú, lena n-áirítear dálaí oibre agus pá, ná mar a bheadh ***an t-oiliúnaí*** lena mbaineann i dteideal a fháil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, faoi chomhaontuithe comhchoiteanna nó faoi chleachtais chomhchoiteanna.

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Measúnú ar ***ghnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna***	Measúnú ar ***chleachtais éagóracha***

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun a ***chinneadh an gnáthchaidreamh fostaíochta atá i dtréimhse oiliúna airbheartaithe nó nach bhfuil***, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú foriomlán ar na gnéithe fíorasacha ábhartha uile. ***Cuirfear san áireamh*** sa mheasúnú ***sin, i measc nithe eile, na gnéithe táscacha seo a leanas:***	1. Chun ***cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna a shainaithint***, ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú foriomlán a dhéanamh ar na gnéithe fíorasacha ábhartha uile. ***Agus é á chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cleachtas éagórach ann,*** beidh an measúnú ***bunaithe ar***:

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***comhpháirt mhór foghlama nó oiliúna a bheith*** in easnamh ***sa*** tréimhse oiliúna ***airbheartaithe***;	(a) ***conradh i scríbhinn idir an t-oiliúnaí agus an soláthraí*** tréimhsí oiliúna a bheith in easnamh;

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***fad iomarcach*** na tréimhse oiliúna ***airbheartaithe nó tréimhsí oiliúna iomadúla agus/nó tréimhsí oiliúna airbheartaithe a dhéanann an duine céanna ceann i ndiaidh a chéile leis an bhfostóir céanna***;	(b) ***comhpháirt oiliúna a bheith in easnamh, arna léiriú ag*** na ***gnéithe seo a leanas a bheith in easnamh:***
	(i) clár soiléir oiliúna don tréimhse

oiliúna ***ina leagtar amach na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí atá le forbairt le linn na tréimhse oiliúna, cuspóirí foghlama na tréimhse oiliúna, agus sannadh cúraimí agus deiseanna oiliúna a éascóidh na scileanna agus na cuspóirí sin;***

(ii) maoirseoir agus/nó meantóir ainmnithe do thréimhse na tréimhse oiliúna;

(iii) soláthar seisiúin oiliúna, aiseolais agus tacaíochta tiomnaithe le linn na tréimhse oiliúna;

(iv) treoir agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an oiliúnaí agus na cúraimí a socraíodh á gcomhlíonadh aige;

(v) nasc soiléir idir na scileanna atá á múineadh le linn na tréimhse oiliúna agus na cúraimí a leagtar síos.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***leibhéil choibhéiseacha cúraimí, freagrachtaí agus déine oibre d'oiliúnaithe airbheartaithe agus do ghnáthfhostaithe ag poist inchomparáide leis an bhfostóir céanna***;	(c) ***fad iomarcach tréimhse oiliúna;***

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) an ***ceanglas maidir le taithí oibre roimhe sin d'iarrthóirí ar thréimhsí oiliúna sa réimse céanna gníomhaíochta nó i réimse comhchosúil gníomhaíochta gan údar cuí***;	(d) an ***luach saothair a deonaíodh i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2041 a bheith in easnamh***;

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***cóimheas ard de thréimhsí oiliúna airbheartaithe i gcomparáid le gnáthchaidrimh fostaíochta leis an bhfostóir céanna***;	(e) ***an riachtanas go mbeadh taithí oibre roimhe seo ag iarrthóirí sula nglacfaidh siad leis an tréimhse oiliúna***;

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ***líon mór oiliúnaithe airbheartaithe leis an bhfostóir céanna a raibh dhá thréimhse oiliúna nó níos mó curtha i gcrích acu nó a raibh gnáthchaidreamh fostaíochta acu sa réimse céanna gníomhaíochta nó i réimse comhchosúil gníomhaíochta, sular ghlac siad leis an*** tréimhse oiliúna ***airbheartaithe***.	(f) ***easpa fógra folúntais phoiblí don*** tréimhse oiliúna ***ina leagtar amach an t-eolas seo a leanas:***
	(i) na cúraimí a bhfuiltear ag súil leo agus an leibhéal freagrachta a bheidh de dhíth ar an oiliúnaí;
	(ii) cearta agus teidlíochtaí an

oiliúnaí, lena n-áirítear pá, cosaint shóisialta, saoire bhreoiteachta, agus teidlíochtaí ama oibre;

(iii) soláthar oiliúna agus scileanna atá le gnóthú.

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) beartas earcaíochta trédhearcach chun fostaíocht chobhsaí a sholáthar nuair a bheidh an tréimhse oiliúna curtha i gcrích.

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Ina theannta sin, breithneoidh na húdaráis inniúla freisin tosca imthoisceacha atá lasmuigh de chaidreamh na tréimhse oiliúna féin agus é á chinneadh acu cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cleachtais éagóracha ann a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú, inter alia, na tosca seo a leanas:
	(a) cóimheas ard na dtréimhsí oiliúna i gcomparáid le méid na bunaíochta;
	(b) earcaíocht oiliúnaithe a bhfuil tréimhse oiliúna curtha i gcrích acu roimhe seo sa réimse gníomhaíochta céanna nó i réimse gníomhaíochta

comhchosúil;

(c) síneadh arís agus arís eile a bheith curtha ar fhad na dtréimhsí oiliúna gan an fhéidearthacht dul chun cinn a dhéanamh laistigh den bhunaíocht a thairiscint;

(d) fógraí um fholúntais oiliúnaithe comhleanúnacha a bheith curtha in ionad post buan.

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil an measúnú dá dtagraítear i ***mír*** 1 a dhéanamh***,*** déanfaidh ***an fostóir, arna iarraidh sin,*** an fhaisnéis seo a leanas ***a sholáthar*** do na húdaráis sin:	2. Chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil an measúnú dá dtagraítear i ***míreanna*** 1 ***agus 2*** a dhéanamh, ***ceanglóidh na Ballstáit ar sholáthraithe tréimhsí oiliúna*** an fhaisnéis seo a leanas ***a sholáthar*** do na húdaráis sin:

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an líon ***tréimhsí oiliúna agus gnáthchaidreamh fostaíochta***	(a) an líon ***oiliúnaithe agus cineálacha eile oibrithe;***

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) dálaí oibre, lena n-áirítear pá, cúraimí agus freagrachtaí na ***n-oiliúnaithe airbheartaithe*** agus na ***ngnáthfhostaithe ag*** poist inchomparáide;	(c) dálaí oibre, lena n-áirítear pá, cúraimí agus freagrachtaí ***na dtréimhsí oiliúna*** agus na ***gcineálacha eile oibrithe i*** bpoist inchomparáide;

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) na tuairiscí ar chomhpháirteanna ***foghlama agus*** oiliúna na dtréimhsí oiliúna;	(d) na tuairiscí ar chomhpháirteanna oiliúna na dtréimhsí oiliúna;

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun an measúnú dá dtagraítear i ***mír*** 1 a éascú, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:	Chun an measúnú dá dtagraítear i ***míreanna*** 1 ***agus 2*** a éascú, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***teorainn ama*** a shainiú ***lena léireofar*** fad ***iomarcach*** tréimhse oiliúna ***agus tréimhsí oiliúna a athdhéantar, lena n-áirítear tréimhsí oiliúna a dhéantar ceann i ndiaidh a chéile, leis an bhfostóir céanna***;	(a) ***uas***fhad ***na*** tréimhse oiliúna a shainiú ***mar 6 mhí, cé go bhféadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh d'eisceachtaí ón teorainn ama i gcás ina bhfuil údar le tréimhse níos faide ar fhorais oibiachtúla***;

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ceangal a chur ar ***fhostóirí*** faisnéis a chuimsiú maidir leis na cúraimí a bhfuiltear ag súil leo, na dálaí oibre, lena n-áirítear pá, cosaint shóisialta, gnéithe ***foghlama*** agus oiliúna sna fógraí folúntais agus sna fógráin le haghaidh tréimhsí oiliúna.	(b) ceangal a chur ar ***sholáthraithe tréimhsí oiliúna*** faisnéis a áireamh maidir leis na cúraimí a bhfuiltear ag súil leo, na dálaí oibre, lena n-áirítear pá, cosaint shóisialta, agus gnéithe oiliúna***, chomh maith leis na féidearthachtaí earcaíochta tar éis an tréimhse oiliúna a chríochnú*** sna fógraí folúntais agus sna fógráin le haghaidh tréimhsí oiliúna.

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón teorainn ama i bpointe (a) i gcásanna ina bhfuil údar le	***scriosta***

tréimhse níos faide ar fhorais oibiachtúla.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit bearta éifeachtacha chun a áirithiú go ndéanfar dlí ábhartha uile an Aontais is infheidhme maidir le ***hoibrithe*** a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán i ndáil le hoiliúnaithe. Déanfaidh siad na nithe seo a leanas go háirithe:	Déanfaidh na Ballstáit bearta éifeachtacha chun a áirithiú go ndéanfar dlí ábhartha uile an Aontais is infheidhme maidir le ***hoiliúnaithe*** a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán i ndáil le hoiliúnaithe. Déanfaidh siad na nithe seo a leanas go háirithe:

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) bealaí a áirithiú d'oiliúnaithe, i gcomhar leis na húdaráis inniúla, chun míchleachtas agus drochdhálaí oibre a thuairisciú, agus faisnéis a sholáthar ar na bealaí sin.	(f) bealaí a áirithiú d'oiliúnaithe, i gcomhar leis na húdaráis inniúla, chun míchleachtas agus drochdhálaí oibre a thuairisciú ***go hanaithnid agus go slán***, agus faisnéis a sholáthar ar na bealaí sin***.***

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag oiliúnaithe, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil deireadh tagtha lena ***gcaidreamh fostaíochta***, ar réiteach díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus ar cheart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leordhóthanach, i gcás sáruithe ar a gcearta a eascraíonn as an Treoir seo nó as dlí eile de chuid an Aontais ***is infheidhme maidir le hoibrithe***.	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag oiliúnaithe, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil deireadh tagtha lena ***dtréimhse oiliúna***, ar réiteach díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus ar cheart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leordhóthanach, i gcás sáruithe ar a gcearta a eascraíonn as an Treoir seo nó as dlí eile de chuid an Aontais.

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh ionadaithe ***oibrithe*** dul i mbun aon nós imeachta breithiúnach nó riaracháin ábhartha chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo nó as dlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le ***hoibrithe*** a fhorfheidhmiú. Féadfaidh siad gníomhú thar ceann ***oiliúnaí amháin nó níos mó,*** nó tacú leo, ***i gcás sárú ar aon cheart nó oibleagáid*** a eascraíonn as ***an Treoir seo nó as dlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe***, le formheas an oiliúnaí sin nó na n-oiliúnaithe sin.	Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh ionadaithe ***oibrithe*** dul i mbun aon nós imeachta breithiúnach nó riaracháin ábhartha chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo nó as dlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le ***hoiliúnaithe*** a fhorfheidhmiú. Féadfaidh siad gníomhú thar ceann ***iad siúd a bhfuil cleachtais éagóracha*** a eascraíonn as ***úsáid na dtréimhsí oiliúna ag bagairt orthu***, le ceadú an oiliúnaí sin nó na n-oiliúnaithe sin.

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tabharfaidh na Ballstáit isteach na bearta is gá chun oiliúnaithe agus a n-ionadaithe a chosaint ar aon chóir dhíobhálach a dhéanann ***fostóir*** agus ar aon iarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as gearán a cuireadh faoi bhráid an ***fhostóra*** nó as aon imeacht a thionscnaítear chun comhlíonadh na gceart dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i ndlí eile de chuid an Aontais ***is infheidhme maidir le hoibrithe*** a fhorfheidhmiú.	1. Tabharfaidh na Ballstáit isteach na bearta is gá chun oiliúnaithe agus a n-ionadaithe a chosaint ar aon chóir dhíobhálach a dhéanann an ***soláthraí tréimhsí oiliúna*** agus ar aon iarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as gearán a cuireadh faoi bhráid an ***tsoláthraí tréimhsí oiliúna*** nó as aon imeacht a thionscnaítear chun comhlíonadh na gceart dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i ndlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe a fhorfheidhmiú.

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun dífhostú oibrithe nó a choibhéis, agus gach ullmhúchán chun oibrithe a dhífhostú nó a choibhéis, a thoirmeasc ar an bhforas go ndearna siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i ndlí eile de chuid an Aontais ***is infheidhme maidir le hoibrithe*** a fheidhmiú.	2. Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun dífhostú oibrithe nó a choibhéis***, amhail tairiscint fostaíochta amach anseo leis an tsoláthraí tréimhsí oiliúna a choinneáil siar***, agus gach ullmhúchán chun oibrithe a dhífhostú nó a choibhéis, a thoirmeasc ar an bhforas go ndearna siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i ndlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe a fheidhmiú.

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Maidir le hoiliúnaithe a mheasann gur dífhostaíodh iad, nó go raibh siad faoi réir bearta a raibh an éifeacht choibhéiseach leo, ar an bhforas go ndearna siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo, nó i ndlí eile de chuid an Aontais ***is infheidhme maidir le hoibrithe***, a fheidhmiú, féadfaidh siad a iarraidh ar an ***bhfostóir*** forais chuí-réasúnaithe don dífhostú nó do na bearta coibhéiseacha ***a sholáthar***. Déanfaidh an ***fostóir*** na forais sin a sholáthar i scríbhinn.	3. Maidir le hoiliúnaithe a mheasann gur dífhostaíodh iad, nó go raibh siad faoi réir bearta a raibh an éifeacht choibhéiseach leo, ar an bhforas go ndearna siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo, nó i ndlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe, a fheidhmiú, féadfaidh siad a iarraidh ar an ***tsoláthraí tréimhsí oiliúna*** forais chuí-réasúnaithe don dífhostú nó do na bearta coibhéiseacha ***a sholáthar***. Déanfaidh an ***soláthraí tréimhsí oiliúna*** na forais sin a sholáthar i scríbhinn.

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina suífidh na hoiliúnaithe dá dtagraítear i mír 3, os comhair cúirte nó údarás nó comhlacht inniúil eile, fíorais as ar féidir a thoimhdiú go raibh dífhostú den sórt sin nó bearta coibhéiseacha ann, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur faoin ***bhfostóir*** a bheidh sé a chruthú go raibh an dífhostú nó bearta coibhéiseacha bunaithe ar fhorais seachas na forais dá dtagraítear i mír 2.	4. I gcás ina suífidh na hoiliúnaithe dá dtagraítear i mír 3, os comhair cúirte nó údarás nó comhlacht inniúil eile, fíorais as ar féidir a thoimhdiú go raibh dífhostú den sórt sin nó bearta coibhéiseacha ann, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur faoin ***tsoláthraí tréimhsí oiliúna*** a bheidh sé a chruthú go raibh an dífhostú nó bearta coibhéiseacha bunaithe ar fhorais seachas na forais dá dtagraítear i mír 2.

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní fhorléireofar aon fhoráil sa Treoir seo mar fhoráil lena laghdófar an chosaint d'oibrithe a thugtar le hionstraimí eile de dhlí an Aontais, den dlí náisiúnta, de chomhaontuithe comhchoiteanna nó de chleachtas.	1. Ní fhorléireofar aon fhoráil sa Treoir seo mar fhoráil lena laghdófar an chosaint d'oibrithe***, lena n-áirítear oiliúnaithe,*** a thugtar le hionstraimí eile de dhlí an Aontais, den dlí náisiúnta, de chomhaontuithe comhchoiteanna nó de chleachtas.

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do shaincheart Ballstáit dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin atá níos fabhraí d'***oibrithe*** a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach, nó spreagadh nó cead a thabhairt comhaontuithe comhchoiteanna atá níos fabhraí d'***oibrithe*** a chur i bhfeidhm.	3. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do shaincheart Ballstáit dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin atá níos fabhraí d'***oiliúnaithe*** a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach, nó spreagadh nó cead a thabhairt comhaontuithe comhchoiteanna atá níos fabhraí d'***oiliúnaithe*** a chur i bhfeidhm.

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Féadfaidh na Ballstáit, ar choinníoll go gcomhaontóidh na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta go comhpháirteach leis seo, an rogha a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta, ar an leibhéal iomchuí agus faoi réir na gcoinníollacha arna leagan síos ag na

Ballstáit, comhaontuithe comhchoiteanna a sheasamh nó a thabhairt i gcrích chun na cosaintí a leagtar síos sa Treoir seo a chur chun feidhme agus a chomhlánú.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

CÚLRA

Tá an líon tréimhsí oiliúna a thairgtear san Aontas ag fás go tapa. Meastar go bhfuil tréimhse oiliúna á cur i gcrích ag tromlach na ndaoine idir 18 agus 35 bliana d'aois – suas le 78 % – faoi láthair, agus meastar go n-ardóidh an figiúr seo 16 % ar a laghad faoi 2030.

In ainneoin a leitheadúlachta, leanann tréimhsí oiliúna de bheith ina gcoincheap leathan, a shainítear ar bhealach róscaoilte. Cuimsíonn an scáth-théarma gach rud ó thréimhsí oiliúna iarchéime a fhógraítear i margadh oscailte an tsaothair (ar a dtugtar 'intéirneachtaí' go minic) go hoiliúint éigeantach do ghairmeacha (e.g., dochtúirí nó dlíodóirí), tréimhsí oiliúna lena dtuilltear creidmheasanna ollscoile, agus iad siúd atá mar chuid de bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair. Is samplaí iad seo amháin, gan a bheith ina gcatagóirí dlíthiúla, agus is minic a bhíonn forluí eatarthu.

Is é an rud a chomhcheanglaíonn na tréimhsí oiliúna seo ná go bhfuil sé mar aidhm acu tréimhse ghearr oibre ar leibhéal iontrála a sholáthar chun cuidiú le daoine óga scileanna praiticiúla agus gairmiúla a fháil chun an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht chobhsaí a éascú, nó rochtain a fháil ar ghairm. Chun na scileanna seo a fháil san ionad oibre, bítear ag súil leis, agus is rud dosheachanta é, go ndéanfaidh an t-oiliúnaí obair le linn a thréimhse oiliúna.

Is féidir le tréimhsí oiliúna a bheith ina mbuntáiste suntasach don oiliúnaí agus don tsoláthraí tréimhsí oiliúna araon. Féadfaidh siad a bheith ina gconair thábhachtach do rochtain daoine óga ar mhargadh an tsaothair agus ar ghairmeacha áirithe, chomh maith lena scileanna acadúla a chomhlánú. I gcás soláthraithe tréimhsí oiliúna, is féidir leo deis a sholáthar chun daoine óga a mhealladh, a oiliúint agus a choinneáil, agus costais earcaíochta á laghdú ag an am céanna. Ní thiocfaidh na tairbhí seo i gcrích, áfach, ach amháin má dhéantar tréimhsí oiliúna a rialáil go leordhóthanach.

Gan rialáil leordhóthanach, féadfaidh rioscaí a bheith ag baint le tréimhsí oiliúna. Mar gheall ar an easpa soiléireachta maidir le coincheap agus cearta an oiliúnaí, tá cásanna ann ina ndéanann daoine óga obair gan cosaint in aghaidh díobhála agus dúshaothraithe féideartha.

Tá dhá ghné ag baint leis na hábhair imní: ar an gcéad dul síos, bíonn cleachtais idirdhealaitheacha ann mar thoradh ar thréimhsí oiliúna. Is féidir le tréimhsí oiliúna neamhíoctha nó ar phá íseal daoine óga ó chúlraí leochaileacha a eisiamh. Chuir an tOmbudsman Eorpach, in 2017, lipéad ar thréimhsí oiliúna neamhíoctha mar 'fáinne fí ina leanann "pribhléid".' Ina theannta sin, is féidir le hidirdhealú aoise, cine, míchumais agus inscne a bheith mar thoradh ar easpa pá agus cearta laghdaithe do dhaoine óga. Mar shampla, is mná iad na hoiliúnaithe neamhíoctha go minic, agus tá fianaise ann go mbíonn rátaí arda

gnéaschiaptha i gceist, agus is féidir go bhfaighidh oiliúnaithe faoi mhíchumas níos lú cóiríochta ná oibrithe faoi mhíchumas. Féadann idirdhealú teacht chun cinn freisin bunaithe ar stádas oibrí: má dhéanann oiliúnaí an obair chéanna le fostaí gan phá sa bhunaíocht chéanna, bíonn cóir neamh-chomhionann i gceist, mar a bhíonn nuair nach n-íoctar oiliúnaí toisc go bhfuil tréimhse oiliúna curaclaim á chur i gcrích aige.

Is é an dara cúis imní ná na cleachtais éagóracha a eascraíonn as tréimhsí oiliúna. Seachas an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht chobhsaí a éascú, nó rochtain a fháil ar ghairm, is féidir tréimhsí oiliúna a úsáid chun poist ar leibhéal iontrála a ionadú mar shaothair shaor, neamhrialaithe gan aon ráthaíocht go mbeidh deis oiliúna ann. D'fhéadfadh sé seo a bheith fíor go háirithe maidir le tréimhsí oiliúna arna gcur i gcrích mar chuid de churaclam acadúil nó gairmiúil: ceistíodh go heimpíreach an toimhde go bhfuil cáilíocht níos fearr ag baint le tréimhsí oiliúna dá leithéid, go háirithe leis an méadú ar 'idirghabhálaithe intéirneachta' – gníomhaireachtaí neamhrialaithe a úsáideann ollscoileanna chun intéirneachtaí a aimsiú.

Cruthaíonn an easpa soiléireachta atá ann faoi láthair maidir le cearta an oiliúnaí éagothroime iomaíochta ar fud na mBallstát agus idir bunaíochtaí, agus baineann roinnt soláthraithe leas as obair neamhíoctha ar chostas na ndaoine a íocann a gcuid oiliúnaithe.

CUR CHUIGE NA DRÉACHT-TUARASCÁLA

Eascraíonn an dá ábhar imní a leagtar amach thuas - impleachtaí idirdhealaitheacha agus cleachtais éagóracha a eascraíonn as tréimhsí oiliúna - go díreach ón easpa soiléireachta rialála. Mar gheall ar easpa, castacht nó éagsúlacht creataí rialála ar fud na mBallstát, mar aon le forfheidhmiú lag, is féidir leis na cleachtais éagóracha seo teacht chun cinn.

Tá sé seo in ainneoin chásdlí na Cúirte Breithiúnais ('CBAE'), a chinn go seasta gur cheart coincheap an 'oibrí' faoi Airteagal 45 CFAE a leathnú go dtí duine a bhfuil tréimhse oiliúna ar bun aige. De réir chásdlí CBAE, is iad na critéir le haghaidh caidreamh fostaíochta ná go ndéanann duine seirbhísí ar feadh tréimhse áirithe agus faoi stiúir duine eile, agus go mbíonn luach saothair á fháil acu. Áirítear leis seo aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí atá fíor agus fírinneach, gan iad siúd a mheastar a bheith imeallach agus coimhdeach amháin a áireamh.

Faoi chásdlí CBAE, tá an sainmhíniú seo ar oibrí comhlíonta go seasta ag na hoiliúnaithe. Is é sin toisc go bhfuil forluí bunúsach idir coincheap an oibrí agus coincheap an oiliúnaí (mar a shainítear faoi Mholadh Chreat Cáilíochta 2014). Tá na hoiliúnaithe faoi stiúir an tsoláthraí tréimhsí oiliúna agus déanann siad obair atá 'fíor agus fírinneach'. Ní chuireann an easpa luach saothair féin cosc ar oiliúnaithe neamhíoctha a bheith rangaithe mar oibrithe (ina mhalairt de chás, bheadh sé ina riachtanas ciorclach: d'fhéadfadh gach fostóir a éileamh nach oibrithe iad a n-oibrithe toisc nach n-íoctar iad). Ní raibh luach saothair ina ábhar imní ach oiread i gcinntí eile de chuid CBAE maidir le stádas oibrithe. Tagraíonn obair atá 'fíor agus

fírinneach' do rud ar bith seachas gníomhaíochtaí atá imeallach nó coimhdeach amháin, agus chinn CBAE go n-áirítear leis seo 'obair a rinneadh chun scileanna a fháil nó a fheabhsú nó gairmoiliúint a chur i gcrích' laistigh de thréimhse oiliúna.

Is é an rud is suntasaí ná gur dóichí go ndéanfaidh na hoiliúnaithe obair atá 'fíor agus fírinneach' chun ábhar foghlama 'fónta fiúntach' a dhéanamh seachas 'gnáthghníomhaíochtaí beaga' (mar a cheanglaítear faoi Mholadh 2014). Chun go mbeadh siad in ann foghlaim, ní mór d'oiliúnaithe dul i mbun oibre atá fíor agus fírinneach, rud a chiallaíonn go ndéanfar iad a rangú mar oibrithe.

Tá sé seo fíor i gcás gach cineál oiliúnaithe. Chuir CBAE an nasc fostaíochta i bhfeidhm ar na ceithre chineál tréimhse oiliúna seo a leanas: tréimhsí oiliúna margaidh oscailte, iad siúd atá éigeantach do ghairm, iad siúd a bhaineann le beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair, agus iad siúd atá mar chuid de cháilíocht acadúil nó ghairmiúil. Mheas CBAE freisin go bhfuil stádas oibrí ag printíseachtaí, a aithnítear mar cháilíochtaí gairmiúla.

Ceann de na hábhair imní is mó a bhaineann le rialáil a thabhairt isteach ar thréimhsí oiliúna is ea go mbainfeadh sé ón bhfíoras gur dóichí go meastar gur oibrithe iad oiliúnaithe faoi chritéir CBAE. Is é an t-ábhar imní eile ná, mura sainítear oiliúnaí le cearta agus teidlíochtaí soiléire, nach féidir oiliúnaithe 'bréige' a shainaithint gan a bheith ar an eolas faoi cad is 'fíoroiliúnaí' ann. Tá deacrachtaí ag baint le himeacht ó mhúnla na printíseachta freisin: is comhbhabhtáil é an cur chuige seo, a théann siar go dtí ré na meánaoise, ina bhfaigheann daoine óga pá laghdaithe mar chúiteamh ar cháilíocht aitheanta. Ní fhaigheann tréimhsí oiliúna ceachtar acu, áfach.

Dá bhrí sin, tá sé níos comhsheasmhaí le cásdlí CBAE a mheas go bhfuil oiliúnaithe ina gcineál, nó ina bhfo-thacar, d'oibrí. Is féidir analach a dhéanamh le hoibrithe páirtaimseartha, ar théarma socraithe, nó le hoibrithe gníomhaireachta faoi fhorálacha AE atá ann cheana.

I bhfianaise an mhéid sin, is é Airteagal 153(1)(b) CFAE an bonn conartha ábhartha don Treoir ós rud é go dtugann sé aghaidh ar dhálaí oibre na n-oiliúnaithe. Faoi Airteagail 165(4) agus 166(4) CFAE, níl an inniúlacht ag an Aontas Treoir maidir le hoideachas nó gairmoiliúint a ghlacadh, faoi seach. Tá tréimhsí oiliúna a thairgtear mar chuid de cháilíocht acadúil nó ghairmiúil fite fuaite leis an dá inniúlacht ós rud é go bhfuil siad deartha chun tréimhse oibre a sholáthar le linn cláir foghlama.

I gcás ina mbíonn forluí ann idir inniúlachtaí, tá CBAE ag brath ar an 'tástáil mheáchanláir' chun an bonn conartha iomchuí a chinneadh, bunaithe ar scrúdú ar phríomhchuspóir an bhirt. Leis an Treoir seo, rialaítear go príomha dálaí oibre na dtréimhsí oiliúna, ní an t-oideachas ná an ghairmoiliúint. Ós rud é nach bhfuil aon cháilíocht ag gabháil le tréimhse oiliúna, ná curaclaim fhoirmiúla i gceist léi, ní thagann siad faoi réimeanna gairmoiliúna agus oiliúna oideachais. Ina theannta sin, déantar margaíocht ar thréimhsí oiliúna a dhéantar le linn céime

ollscoile mar thaithí *lasmuigh* den saol acadúil. Is í an aidhm ná staidéir acadúla a chomhlánú le taithí iarbhír na hoibre. Dá bhrí sin, is ar an obair a dhéantar le linn na tréimhse oiliúna, ní ar an tsoláthraí oideachais, atá an meáchanlár.

Dá bhrí sin, tá an dréacht-tuarascáil ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar an dá mhórábhar imní - cleachtais idirdhealaitheacha agus éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna - trí chur chuige trí phointe.

STRUCHTÚR NA DRÉACHT-TUARASCÁLA

Tá trí chur chuige ann sa Treoir atá tiomnaithe d'aghaidh a thabhairt ar na cleachtais idirdhealaitheacha agus éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna. Tá sé mar aidhm aige dálaí oibre na hoibre a dhéanann na hoiliúnaithe le linn na tréimhse oiliúna a rialáil go leordhóthanach, mar a fhoráiltear faoi Airteagal 153(1)(b) CFAE.

Sainmhíniú agus Coincheap Coiteann

Ar an gcéad dul síos, leis an Treoir seo, soláthraítear comhthuiscint ar choincheap agus ar chuspóir na tréimhse oiliúna. Laistigh den Aontas, tuigtear gurb ionann tréimhse oiliúna agus tréimhse theoranta oibre ar leibhéal iontrála a bhfuil sé d'aidhm aici scileanna praiticiúla agus gairmiúla a sholáthar trí oiliúint shuntasach chun an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht chobhsaí a éascú nó chun rochtain a fháil ar ghairm, bunaithe ar chonradh scríofa idir an t-oiliúnaí agus an soláthraí tréimhsí oiliúna, a íoctar i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2041.

Leis an gcomhthuiscint seo i measc oiliúnaithe, soláthraithe tréimhsí oiliúna agus Ballstát, cuirfear cosc ar chleachtais éagóracha a eascraíonn as easpa soiléireachta.

Prionsabal an Neamh-Idirdhealaithe

Ar an dara dul síos, tá sé mar aidhm ag an Treoir a áirithiú go bhfuil na cosaintí frith-idirdhealaithe atá ag an Aontas faoi Threoir 2000/78/CE ón gComhairle, faoi Threoir 2006/54/CE, agus faoi Threoir 2000/43/CE ón gComhairle infheidhme maidir le hoiliúnaithe, lena soláthraítear soiléireacht dhlíthiúil agus lena neartaítear cearta na n-oiliúnaithe.

Bearta chun Cleachtais Éagóracha a Chomhrac

Ar an tríú dul síos, tugtar isteach Airteagal 4 agus Airteagal 5 leis an Treoir chun cosc a chur ar chleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna chun críocha eile seachas an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht chobhsaí a éascú, nó chun rochtain a fháil ar ghairm.

Chun é sin a bhaint amach, leagann an Treoir síos critéir chun cleachtais éagóracha a shainaithint ar cheart d'údaráis inniúla brath orthu, amhail comhpháirt oiliúna a bheith in easnamh, easpa conartha scríofa, ré iomarcach, agus easpa fógra folúntais phoiblí. Féadfaidh cleachtais éagóracha a bheith i gceist freisin le soláthraithe tréimhsí oiliúna a bhfuil cóimheas ard oiliúnaithe acu i gcoibhneas le méid na bunaíochta, nó a chuireann fógraí faoi thréimhsí oiliúna in ionad post buan.

Trí leas a bhaint as an gcreat seo, cuireann an Treoir ar chumas na n-údarás inniúil, dá bhrí sin, cleachtais éagóracha a eascraíonn as úsáid na dtréimhsí oiliúna san Aontas a shainaithint agus cosaint a thabhairt ina gcoinne.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Oxford
Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann
Fóram Eorpach na nÓg
Eurofound
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Confederación Nacional de Pymes (CONPYMES)
EUROCADRES - Comhairle Foirne Gairmiúla agus Bainistíochta na hEorpa
an Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas
SMEunited
Bainisteoirí Eorpacha CEC - Confédération Européenne des Cadres
HOTREC, Óstáin, Bialanna & Caiféanna san Eoraip
CEOE - Confederación Española de Organizaciones Empresariales;
Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Neamhspleách.

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an Rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.